2024/2949

2.12.2024

CINNEADH (AE) 2024/2949 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Samhain 2024

lena ndéantar tréimhsí sainordaithe an triúr comhaltaí atá ar an gCoiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach faoi láthair a athnuachan agus cúigear comhaltaí nua a cheapadh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 234/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 lena mbunaítear an Coiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 91/116/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(1), pointe (a) agus Airteagal 5, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa Choiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach ('an Coiste') beidh 24 chomhalta.

(2) De réir Airteagal 4(1), pointe (a) de Chinneadh Uimh. 234/2008/CE, tá 12 chomhalta den Choiste le ceapadh ag an gCoimisiún, tar éis dó dul i dteagmháil le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle.

(3) Le Cinneadh 2019/C 63/05 ([2]) an 14 Feabhra 2019, cheap an Coimisiún ochtar comhaltaí den Choiste ar feadh tréimhse 5 bliana.

(4) D'éirigh duine den ochtar comhaltaí sin as oifig agus ceapadh duine eile ina ionad ar feadh a raibh fágtha dá théarma oifige de bhun Chinneadh (AE) 2021/722 ón gCoimisiún ([3]).

(5) Chuaigh tréimhsí sainordaithe an ochtar comhaltaí sin in éag an 8 Bealtaine 2024. D'aontaigh triúr de na comhaltaí le hathnuachan a dtréimhsí sainordaithe.

(6) Arna iarraidh sin don Choimisiún, chuir na Ballstáit liosta faoina bhráid d'iarrthóirí a bhfuil cáilíochtaí seanbhunaithe acu i réimse an staidrimh, ionas gur féidir comhaltaí nua den Choiste a cheapadh.

(7) Agus an triúr comhaltaí nua á roghnú ag an gCoimisiún, d'fhéach sé lena áirithiú gur ar bhealach comhionann a dhéanann siad ionadaíocht ar úsáideoirí, freagróirí agus páirtithe leasmhara eile i staidreamh an Aontais (lena n-áirítear pobal na heolaíochta, comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shóisialta).

(8) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle maidir le hathnuachan na dtréimhsí sainordaithe agus na ceapacháin nua, agus thug na hinstitiúidí sin tuairim dhearfach uathu,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar tréimhsí sainordaithe Marie Bohata, Audronė Jakaitiene agus Peter van der Heijden mar chomhaltaí den Choiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach a athnuachan ar feadh tréimhse 5 bliana dar tús an 1 Nollaig 2024 agus dar críoch an 30 Samhain 2029.

([1]) IO L 73, 15.3.2008, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/234(1)/oj.
([2]) Cinneadh ón gCoimisiún 2019/C 63/05 an 14 Feabhra 2019 lena gceaptar ochtar comhaltaí den Choiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach (IO C 63, 18.2.2019, lch. 4).
([3]) Cinneadh (AE) 2021/722 ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2021 lena ndéantar sainorduithe an triúr comhaltaí atá ar an gCoiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach faoi láthair a athnuachan agus beirt chomhaltaí nua a cheapadh (IO L 154, 4.5.2021, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/722/oj).

Airteagal 2

Leis seo, ceaptar Arne C. Bathke, Kai Carstensen, Jani Erola, Jānis Hermanis, agus Pedro Magalhães mar chomhaltaí den Choiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach, dar tús an 1 Nollaig 2024 agus dar críoch an 30 Samhain 2029.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN